**GA**

GA

GA

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil9.2.2010
COIM(2010)49 leagan deireanach

2010/0032 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena gcuirtear chun feidhme clásal cosanta déthaobhach an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an AE agus an Chóiré**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

An 23 Aibreán 2007 thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Poblacht na Cóiré d'fhonn Comhaontú Saorthrádála idir an AE agus an Chóiré a thabhairt i gcrích. Cuireadh inisealacha leis an gComhaontú sin an 15 Deireadh Fómhair 2009.

Áirítear clásal cosanta déthaobhach sa Chomhaontú. Déantar foráil sa chlásal sin don fhéidearthacht an ráta MFN (náisiún barrfhabhair) a ath-fhorchur má thagann allmhairí isteach, de thoradh léirscaoileadh trádála, i gcainníochtaí a bhfuil méadú den sórt orthu (bíodh sé sin i nglanfhigiúirí nó i gcoibhneas le táirgeacht an Aontais) agus faoi choinníollacha den sórt a dhéanfadh mórdhíobháil nó a bheadh ina mbagairt mórdhíobhála do thionscal an Aontais trí tháirge cosúil nó táirge dír-iomaíoch a chruthú.

Ionas go bhfeidhmeoidh na bearta sin, ní mór clásal cosanta dá leithéid a ionchorprú i ndlí an Aontais Eorpaigh, go háirithe toisc gur gá gnéithe nós imeachta d'fhorchur na mbeart cosanta mar aon le leasa na bpáirtithe leasmhara (e.g. an ceart chun cosanta) a shonrú. Is é atá sa togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghabhann leis seo ionstraim dlí chun clásal cosanta an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an AE agus an Chóiré a chur chun feidhme.

2010/0032 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena gcuirtear chun feidhme clásal cosanta déthaobhach an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an AE agus an Chóiré**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach[1],

Tar éis dóibh an togra a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) An 23 Aibreán 2007, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Poblacht na Cóiré.

(2) Tá an chaibidlíocht sin tugtha i gcrích agus rinneadh inisealacha a chur leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) an 15 Deireadh Fómhair 2009. Cuireadh isteach é lena fhaomhadh an [ ][2] agus tháinig sé i bhfeidhm an [...].

(3) Is gá a leagan síos na nósanna imeachta maidir le cur i bhfeidhm forálacha áirithe den Chomhaontú a bhaineann le cosaintí.

(4) Ba cheart na téarmaí "serious injury", (mórdhíobháil) "threat of serious injury" (bagairt mórdhíobhála) agus "transition period" (idirthréimhse) dá dtagraítear in Airteagal 3.5, Caibidil 3 den Chomhaontú a shainiú.

(5) Ní fhéadfar bearta cosanta a chur san áireamh ach amháin i gcás ina n-allmharaítear an táirge i dtrácht isteach san Aontas i gcainníochtaí a bhfuil méadú den sórt sin tagtha orthu agus faoi coinníollacha den sórt sin a dhéanfadh mórdhíobháil nó a bheadh ina mbagairt mórdhíobhála do tháirgeoirí an Aontais a tháirgeann táirgí cosúla nó táirgí dír-iomaíocha, faoi mar atá leagtha síos in Airteagal 3.1, Caibidil 3 den Chomhaontú.

(6) Ba cheart na bearta cosanta a bheith i gceann de na riochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3.1, Caibidil 3 den Chomhaontú.

---

1 IO C […], […], lch. […].

2 Tagairt don togra ón gCoimisiún.

(7) Ba cheart forálacha mionsonraithe maidir le himeachtaí a thionscnamh a bheith ar áireamh ann. Ba cheart don Choimisiún faisnéis a fháil, lena n-áirítear fianaise atá ar fáil ó na Ballstáit, i ndáil le treochtaí allmhairiúcháin a d'fhéadfadh a fhágáil gur ghá na bearta cosanta a chur i bhfeidhm.

(8) Má tá leorfhianaise ann chun údar maith a thabhairt le himeacht a thionscnamh, ba cheart don Choimisiún fógra a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, faoi mar a fhoráiltear dó in Airteagal 3.2.2, Caibidil 3 den Chomhaontú.

(9) Ba cheart forálacha mionsonraithe a bheith ann maidir le himscrúduithe a thionscnamh, maidir le rochtain agus cigireacht na bpáirtithe leasmhara ar an bhfaisnéis arna bailiú, maidir le héisteachtaí do na páirtithe lena mbaineann, agus maidir le deiseanna atá ag na páirtithe sin a gcuid tuairimí a chur isteach, faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 3.2.2, Caibidil 3 den Chomhaontú.

(10) Ba cheart don Choimisiún fógra i scríbhinn a thabhairt do Phoblacht na Cóiré i dtaca le himscrúdú a thionscnamh agus ba cheart dó dul i gcomhairle le Poblacht na Cóiré, faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 3.2.1, Caibidil 3 den Chomhaontú.

(11) Is gá, freisin, de bhun Airteagail 3.2 agus 3.3, Caibidil 3 den Chomhaontú, teorainneacha ama a shocrú maidir le himscrúduithe a thionscnamh agus maidir le cinntí a dhéanamh cé acu is iomchuí nó nach iomchuí bearta a ghlacadh, d'fhonn a áirithiú go ndéanfar cinntí dá leithéidí go tapa chun deimhneacht dhlíthiúil na n-oibreoirí eacnamaíocha i dtrácht a mhéadú.

(12) Ba cheart imscrúdú a dhéanamh sula gcuirfear bearta cosanta i bhfeidhm, faoi réir an fhorchoimeádais go mbeidh cead ag an gCoimisiún bearta sealadacha a chur i bhfeidhm sna cúinsí géibheannacha dá dtagraítear in Airteagal 3.3, Caibidil 3 den Chomhaontú.

(13) Níor cheart bearta cosanta a chur i bhfeidhm ach a mhéid is gá, agus go ceann cibé tréimhse is gá, chun mórdhíobháil a sheachaint agus chun oiriúnú a éascú. Ba cheart uastréimhse na mbeart cosanta a chinneadh agus ba cheart forálacha sonracha i dtaca le fadú agus le hathbhreithniú beart dá leithéidí a leagan síos, faoi mar a thagraítear dóibh in Airteagal 3.2.5, Caibidil 3 den Chomhaontú.

(14) Na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart iad a ghlacadh i gcomhréir le Treoir 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún[3],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

[3] IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

*Airteagal 1*

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo:

(a) ciallaíonn "tionscal an Aontais" táirgeoirí an Aontais ina n-iomláine a tháirgeann na táirgí cosúla nó na táirgí dír-iomaíocha agus a fheidhmíonn laistigh de chríoch an Aontais, nó na táirgeoirí sin de chuid an Aontais arb ionann a gcomh-aschur de tháirgí cosúla nó de tháirgí dír-iomaíocha agus cuid mhór d'aschur iomlán an Aontais sna táirgí sin;

(b) ciallaíonn "mórdhíobháil" lagú suntasach iomlán ar sheasamh tháirgeoirí an Aontais;

(c) ciallaíonn "bagairt mórdhíobhála" mórdhíobáil is léir a bheith gar; is ar fhíorais seachas ar líomhaintí, ar thuairimíocht nó ar fhéidearthachtaí neamhdhealraitheacha amháin a chinnfear cé acu is ann nó is as don bhagairt mórdhíobhála;

(d) ciallaíonn "idirthréimhse" tréimhse i leith táirge a mhairfidh ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe go ceann deich mbliana tar éis scrios nó laghdú na taraife a bheith curtha i gcrích, de réir mar a bheidh i gcás gach táirge;

(e) ciallaíonn "comhaontú" an Comhaontú Saorthrádála idir an AE agus an Chóiré.

*Airteagal 2*

Prionsabail

1. Féadfar beart cosanta a fhorchur i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach sa Rialachán seo, más rud é go bhfuil táirge de thionscnamh na Cóiré, i ngeall ar na dleachta custaim ar an táirge sin a bheith laghdaithe nó scriosta, á allmhairiú isteach san Aontas i gcainníochtaí a bhfuil méadú den sórt tagtha orthu – bíodh sé sin i nglanfhigiúirí nó i gcoibhneas le táirgeacht an Aontais – agus faoi choinníollacha den sórt a dhéanfadh mórdhíobháil nó a bheadh ina mbagairt mórdhíobhála do thionscal an Aontais trí tháirge cosúil nó táirge dír-iomaíoch a chruthú.

2. Féadfaidh na bearta cosanta a bheith i gceann de na riochtaí seo a leanas:

(a) laghduithe eile ar an ráta dleachta custaim ar an táirge i dtrácht a chur ar fionraí, rud dá bhforáiltear faoin gComhaontú; nó

(b) an ráta dleachta custaim ar an táirge a mhéadú go leibhéal nach mó ná an ráta is ísle as measc an dá ráta seo a leanas:

– an ráta dleachta custaim NBF (náisiún barrfhabhair) a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an táirge lena mbaineann tráth a dhéantar an beart; nó

– an bonnráta dleachta custaim atá sainithe sna sceidil a ghabhann le hIarscríbhinn 2-A de bhun Airteagal 2.5.2 den Chomhaontú.

*Airteagal 3*

Imeachtaí a thionscnamh

1. Déanfarimscrúdú a thionscnamh arna iarraidh sin don Bhallstát nó ar thionscnamh an Choimisiúin, más léir don Choimisiún go bhfuil leorfianaise ann ar údar maith í le tionscnamh den sórt sin.

2. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas más dealraitheach go léiríonn treochtaí allmhairiúcháin ó Phoblacht na Cóiré go bhfuil gá le bearta cosanta. Beidh ar áireamh san fhaisnéis sin an fhianaise atá ar fáil faoi mar a cinneadh í ar bhonn na dtosca atá leagtha síos in Airteagal 4. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur chuig gach Ballstát laistigh de thrí lá oibre.

3. Déanfar an comhairliúchán leis na Ballstáit laistigh d'ocht lá oibre tar éis don Choimisiún an t-eolas a chur chuig na Ballstáit, faoi mar a fhoráiltear i mír 2, agus i measc an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 10 ar bhonn an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11.1. Más rud é go ndealraíonn sé, tar éis an chomhairliúcháin, go bhfuil leorfhianaise ann chun údar maith a thabhairt le himeacht a thionscnamh, foilseoidh an Coimisiún fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Tionscnófar an t-imeacht laistigh d'aon mhí amháin tar éis an fhaisnéis a bheith faighte ó Bhallstát.

4. Déanfar an méid seo a leanas san fhógra dá dtagraítear i mír 3:

(a) achoimreofar an fhaisnéis a fuarthas agus ceanglófar leis nach mór gach faisnéis ábhartha a chur chuig an gCoimisiún;

(b) luafar an tréimhse a bhféadfaidh páirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus faisnéis a chur isteach lena linn, más rud é go bhfuil na tuairimí agus an fhaisnéis sin le cur san áireamh le linn an imscrúdaithe;

(c) luafar an tréimhse a bhféadfaidh páirtithe leasmhara cur isteach ar éisteacht ó bhéal os comhair an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 4(7).

*Airteagal 4*

An t-imscrúdú

1. Tar éis an t-imeacht a bheith tionscanta, cuirfidh an Coimisiún tús le himscrúdú.

2. Féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar na Ballstáit faisnéis a sholáthar agus glacfaidh na Ballstáit cibé beart is gá chun gníomhú de réir na hiarrata sin. I gcás inar faisnéis de chineál leasa ghinearálta í nó i gcás ina n-iarrfaidh Ballstát a tarchur, cuirfidh an Coimisiún ar aghaidh chuig gach Ballstát í ar chuntar nach faisnéis rúnda atá ann. Más faisnéis rúnda atá ann, déanfaidh an Coimisiún achoimre nach bhfuil rúnda a chur ar aghaidh.

3. A oiread is féidir, cuirfear an t-imscrúdú i gcrích laistigh de shé mhí tar éis a thionsnaimh. In imthosca eisceachtúla atá cuí-réasúnaithe ag an gCoimisiún, féadfar tréimhse trí mhí a chur leis an teorainn ama sin.n

4. Iarrfaidh an Coimisiún gach faisnéis is gá dar leis chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na critéir atá leagtha síos in Airteagal 2, mar is iomchuí, agus féachfaidh sé leis an bhfaisnéis sin a dhearbhú, nuair a mheasann sé gurb iomchuí sin.

5. Agus an t-imscrúdú á dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar gach toisc ábhartha atá oibiachtúil agus inchainníochtúil agus a imríonn tionchar ar an staid ina bhfuil tionscal an Aontais, go háirithe an ráta ag a bhfuil allmhairí an táirge i dtrácht ag ardú agus ar an méid atá san ardú sin, i nglanfhigiúirí agus i dtéarmaí coibhneasta, an sciar sin de mhargadh an Aontais a ghlac na hallmhairí breise, athruithe ar dhíolacháin, táirgeadh, táirgiúlacht, úsáid toillte, brabús agus caillteanas, agus fostaíocht.

6. Páirtithe leasmhara a chuir iad féin in aithne de bhun Airteagal 3(4)(b) agus ionadaithe do Phoblacht na Cóiré, féadfaidh siad, ar iarraidh a dhéanamh i scríbhinn, scrúdú a dhéanamh ar gach faisnéis a cuireadh ar fáil don Choimisiún maidir leis an imscrúdú, amach ó dhoiciméid inmheánacha a d'ullmhaigh údaráis an Aontais nó a Bhallstáit, ar chuntar go mbaineann an fhaisnéis sin le cur i láthair a gcáis agus nach faisnéis rúnda atá ann de réir bhrí Airteagal 9 agus ar chuntar gur úsáid an Coimisiún san imscrúdú í. Páirtithe leasmhara a chuir iad féin in aithne, féadfaidh siad a gcuid tuairimí i leith na faisnéise i dtrácht a chur in iúl don Choimisiún. Féadfar na tuairimí sin a chur san áireamh nuair atá leorfianaise ann a thacaíonn leo.

7. Féadfaidh an Coimisiún éisteacht leis na páirtithe leasmhara. Éistfear leis na páirtithe sin má tá iarratas i scríbhinn déanta acu laistigh den tréimhse leagtha síos san fhógra foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, iarratas ina léireofar gur dóigh go n-imreoidh toradh an imscrúdaithe tionchar orthu agus go bhfuil cúiseanna ar leith ann le héisteacht ó bhéal a bheith acu.

8. Nuair nach soláthraítear an fhaisnéis laistigh de na teorainneacha ama a shocraigh an Coimisiún, nó nuair atá bac mór ar an imscrúdú, féadfar na cinntí a bhunú ar na fíorais atá le fáil. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún amach gur thug páirtí leasmhar nó tríú páirtí faisnéis bhréagach nó mhíthreorach, déanfaidh sé neamhshuim den fhaisnéis sin agus féadfaidh sé úsáid a bhaint as na fíorais atá le fáil.

9. Tabharfaidh an Coimisiún fógra i scríbhinn do Phoblacht na Cóiré má dhéanann sé imscrúdú a thionscnamh agus rachaidh sé i gcomhairle le Poblacht na Cóiré a oiread ama is féidir roimh dó beart cosanta déthaobhach a chur i bhfeidhm, d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a eascraíonn ón imscrúdú agus d'fhonn tuairimí i leith an bhirt a chur in iúl dá chéile.

*Airteagal 5*

Bearta cosanta sealadacha a fhorchur

1. Déanfar bearta cosanta sealadacha a chur i bhfeidhm i gcúinsí géibheannacha i gcás ina mbeadh moill ina cúis le damáiste nach bhféadfaí a chur ina cheart gan dua, de bhun réamhchinnidh go bhfuil fianaise shoiléir ann go bhfuil méadú tagtha ar

allmhairí táirge de thionscnamh Phoblacht na Cóiré de thoradh dleachta custaim a bheith laghdaithe nó scriosta faoin gComhaontú, agus go ndéanann allmhairí dá leithéidí mórdhíobháil nó gur bagairt mórdhíobhála iad do thionscal an Aontais. Glacfar bearta sealadacha ar bhonn an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11.1.

2. I gcás ina n-iarrfaidh Ballstát ar an gCoimisiún idirghabháil a dhéanamh láithreach agus i gcás ina mbeidh na coinníollacha i mír 1 comhlíonta, déanfaidh an Coimisiún cinneadh laistigh de chúig lá oibre tar éis dó an iarraidh a fháil.

3. Beidh feidhm ag bearta sealadacha go ceann tréimhse nach faide ná 200 lá.

4. I gcás ina n-aisghairfear na bearta cosanta toisc go léirítear san imscrúdú nach bhfuil na coinníollacha leagtha síos in Airteagal 2 comhlíonta, déanfar aon dleacht a bailíodh i ngeall ar na bearta cosanta sin a aisíoc go huathoibríoch.

*Airteagal 6*

Deireadh a chur leis an imscrúdú agus leis an imeacht gan bearta a ghlacadh

I gcás ina measfar nach bhfuil gá le bearta cosanta déthaobhacha, cuirfear deireadh leis an imscrúdú agus leis an imeacht ar bhonn an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11.2.

*Airteagal 7*

Bearta deifnídeacha a fhorchur

I gcás ina léireoidh na fíorais, faoi mar a shuífear sa deireadh thiar thall iad, go bhfuil na cúinsí leagtha amach in Airteagal 2.1 ann, déanfar cinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11.2 bearta cosanta déthaobhacha deifnídeacha a fhorchur.

*Airteagal 8*

Na bearta cosanta: fad agus athbhreithniú

1. Ní leanfaidh beart cosanta de bheith i bhfeidhm ach go ceann cibé tréimhse a bheidh gá léi chun bac a chur ar an mórdhíobáil nó chun an mhórdhíobháil sin a leigheas, nó chun oiriúnú a éascú. Ní rachaidh an tréimhse sin thar dhá bhliain, ach amháin má fhadaítear faoi mhír 2 í.

2. Féadfar, mar eisceacht, suas le dhá bhliain a chur le tústréimhse birt chosanta, ar chuntar go ndearbhaítear go leanann de ghá a bheith a leis an mbeart cosanta chun bac a chur ar mhórdhíobháil nó chun mórdhíobháil a leigheas agus chun oiriúnú a éascú, agus ar chuntar go bhfuil fianaise ann go bhfuil an tionscal á oiriúnú féin.

3. Déanfar faduithe a ghlacadh i gcomhréir le nósanna imeachta an Rialacháin seo ar nósanna imeachta iad a bhaineann le himscrúduithe agus úsáidfear na nósanna imeachta céanna agus a úsáidtear sna bearta tosaigh.

   Ní fhéadfaidh fad iomlán an bhirt chosanta dul thar ceithre bliana, agus aon bheart sealadach a d'fhéadfadh a bheith ann san áireamh.

4. Ní chuirfear beart cosanta i bhfeidhm tar éis don idirthréimhse dul in éag, ach amháin le toiliú Phoblacht na Cóiré.

*Airteagal 9*

Rúndacht

1. Is chun na críche a iarradh é, agus chun na críche sin amháin, a fhéadfar faisnéis a fhaightear de bhun an Rialacháin seo a úsáid.

2. Aon fhaisnéis de ghné rúnda nó aon fhaisnéis a chuirtear ar fáil go rúnda de bhun an Rialacháin seo, ní nochtfar í gan cead sainráite a fháil ó sholáthróir na faisnéise sin.

3. I ngach iarraidh ar rúndacht, luafar na cúiseanna leis an bhfaisnéis a bheith rúnda. Má dhealraíonn sé, áfach, nach bhfuil údar maith leis an iarraidh ar rúndacht agus mura dteastaíonn ó sholáthróir na faisnéise é a phoibliú ná nochtadh na faisnéise a cheadú, bíodh substaint ghinearálta na faisnéise nó achoimre di i gceist, féadfar neamhshuim a dhéanamh di.

4. Ar chaoi ar bith, measfar go bhfuil gach faisnéis rúnda más dócha go n-imreoidh a nochtadh mór-éifeacht dhíobhálach ar sholáthróir nó ar fhoinse na faisnéise sin.

5. Ní fhágfaidh mír 1 go 4 nach bhféadfaidh údaráis an Aontais tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis ghinearálta agus, go háirithe, do chúiseanna ar a bhfuil cinntí arna ndéanamh de bhun an Rialacháin seo bunaithe. Mar sin féin, cuirfidh na húdaráis sin san áireamh leas dlisteanach na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha i dtrácht ar mian leo nach nochtfar a gcuid rún gnó.

*Airteagal 10*

An Coiste

Beidh de chúnamh ag an gCoimisiún Coiste dá bhforáiltear in Airteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle maidir le comhrialacha maidir le hallmhairí[4]. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 260/2009 ón gComhairle.

*Airteagal 11*

Nósanna imeachta cinnteoireachta

1. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 3 agus Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE.

---

[4] IO L 84, 31.3.2009, lch. 1.

3. Aon mhí amháin a bheidh sa tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 5(6) de Chinneadh 1999/468/CE.

*Airteagal 12*

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón dáta a chuirfear an Comhaontú i bhfeidhm. Foilseofar fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina luafar dáta chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*